**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000060/2017**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Tomáš Zdechovský, Roberta Metsola, Michał Boni**
thar ceann an Ghrúpa PPE

Ábhar: Slándáil ar bhóithre na hEorpa

Tá méadú ag teacht ar líon na dteagmhas slándála ina mbíonn tiománaithe leoraithe agus lastais a bhíonn i mbun a ndualgas ar bhóithre na hEorpa.

Tá dúshláin roimh thiománaithe leoraithe, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, chun a áirithiú go sroicheann a lastas a cheann scríbe gan teagmhas. Tá tuairiscithe ag tiománaithe gur cúis imní ar leith í an staid mar atá gar do phointí trasnaithe teorainneacha agus calafoirt. Tá tiománaithe agus a lastas i mbaol gníomhaíochta coiriúla agus tá siad go háirithe leochaileach i leith gadaíochta, ionsaitheachta agus fhuadach leoraithe.

Tuairiscíodh le déanaí gur tharla timpiste de bharr imshuí a bheith ar bhóthar atá gar do Calais, inar cailleadh tiománaí veain ón bPolainn, agus spreag sé sin glaonna maidir le bearta slándála níos déine a bheith ann.

An bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún súil níos géire a chaitheamh ar an scéal? Cad iad na céimeanna, más ann dóibh in aon chor, is féidir a thógáil ar leibhéal AE chun slándáil thiománaithe leoraithe agus iomláine an mhargaidh aonair a áirithiú? An ndéanfar an tsaincheist maidir le limistéir ‘pháirceála sábháilte’ ar fud na hEorpa a mheas?

Curtha síos: 27.6.2017
Curtha ar aghaidh: 29.6.2017
Spriocam le haghaidh freagra: 6.7.2017